Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11132/1/23**
**REV 1**

**ECOFIN 658**
**UEM 192**
**SOC 484**
**EMPL 335**
**COMPET 679**
**ENV 758**
**EDUC 271**
**RECH 303**
**ENER 394**
**JAI 904**
**GENDER 135**
**ANTIDISCRIM 129**
**JEUN 173**
**SAN 410**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11132/23 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 603 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Náisiúnta na Seicia um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Seicia 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, mar a pléadh sa Chomhairle agus sa Chomhairle Eorpach é, bunaithe ar Mholadh COM (2023) 603 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le Clár Náisiúnta na Seicia um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Seicia 2023**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú[1], a neartú agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

---

1 IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.
2 IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an an tSaoráid, soláthraítear tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus í mar spreagadh fioscach arna mhaoiniú ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, leis an tSaoráid, rannchuidítear le téarnamh eacnamaíoch cuimsitheach agus le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí atá inbhuanaithe agus a spreagann fás, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Rinneadh an ranníocaíocht airgeadais uasta in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid a thabhairt cothrom le dáta an 30 Meitheamh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(2) An 22 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2023 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 23 Márta 2023, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tSuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 22 Samhain 2022, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil ar shainaithin sé inti go bhfuil an tSeicia ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di, nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach 2023 ar Fhostaíocht, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[4] an 16 Bealtaine 2023 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 13 Márta 2023.

(3) Cé go bhfuil athléimneacht shuntasach á léiriú ag geilleagair an Aontais, tá drochthionchar ag an gcomhthéacs geopholaitiúil orthu fós. Agus an tAontas ag seasamh go daingean leis an Úcráin, tá clár oibre beartais eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais dírithe sa ghearrthéarma ar dhrochthionchar na suaití fuinnimh a laghdú, i gcás teaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí leochaileacha araon, agus sa mheántéarma ar iarrachtaí a choinneáil ar bun chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach, ar thacaíocht a thabhairt d'fhás inbhuanaithe cuimsitheach, ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chosaint agus ar an athléimneacht a mhéadú. Tá sé dírithe go láidir freisin ar iomaíochas agus táirgiúlacht an Aontais a mhéadú.

---

4 Moladh ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C 180, 23.5.2023, lch. 1).

(4) An 1 Feabhra 2023, d’eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal ‘Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré na Glan-nialasach’ (Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais). Is é is aidhm do Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais agus tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Is comhlánú é ar na hiarrachtaí leanúnacha faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus faoi REPowerEU. Is é is aidhm dó freisin timpeallacht níos tacúla a sholáthar chun acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais a mhéadú i dtaca leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus leis na táirgí glan-nialasachta a bhfuil gá leo chun spriocanna uaillmhianacha aeráide an Aontais a bhaint amach, agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar amhábhair chriticiúla ábhartha, lena n-áirítear trí fhoinsiú a éagsúlú, trí shaothrú cuí a dhéanamh ar acmhainní geolaíocha sna Ballstáit agus trí athchúrsáil na n-amhábhar a uasmhéadú. Is ar cheithre cholún atá Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais bunaithe: timpeallacht rialála intuartha agus shimplithe, rochtain níos tapúla ar mhaoiniú, scileanna a fheabhsú, agus trádáil oscailte do shlabhraí soláthair athléimneacha.
An 16 Márta 2023, d’eisigh an Coimisiún teachtaireacht eile dar teideal ‘Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030’, teachtaireacht a leagadh amach de réir naoi spreagadh a threisíonn a chéile ar mhaithe le hoibriú i dtreo creat rialála lena bhfeabhsófaí an fás. Socraítear leis tosaíochtaí beartais arb é is aidhm dóibh feabhsuithe struchtúracha, bearta infheistíochta dea-dhírithe agus rialála a áirithiú le haghaidh iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát. Cuidíonn na moltaí thíos ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin.

(5) In 2023, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go dtugann na pleananna aghaidh ar iomlán na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar fhothacar mór díobh. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020 agus 2022 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(6) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur go tapa le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuirfidh sé sin le slándáil fuinnimh agus le héagsúlacht sholáthar fuinnimh an Aontais, agus ag an am céanna, méadóidh sé glacadh na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, acmhainneachtaí stórála fuinnimh agus an éifeachtúlacht fuinnimh. Le Rialachán REPowerEU, cuirtear ar chumas na mBallstát caibidil nua REPowerEU a chur lena bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Cuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin freisin ó thaobh borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais mar a leagtar amach i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, agus tabharfaidh siad aghaidh ar na moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh arna n-eisiúint chuig na Ballstáit in 2022 agus, i gcás inarb infheidhme, in 2023. Le Rialachán REPowerEU, tugtar isteach catagóir nua de thacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha, atá á cur ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí nua a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú faoina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

---

[5] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

(7) An 8 Márta 2023, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoraíocht ar fáil maidir leis an mbeartas fioscach 2024 ('teachtaireacht an 8 Márta 2023'). Is é is aidhm di tacú le hullmhú Chláir na mBallstáit um Chobhsaíocht agus um Chóineasú, agus an comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún chun cuimhne go ndéanfar clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú i ndeireadh 2023. D'éiligh an Coimisiún go mbeadh beartais fhioscacha ann in 2023-2024 a d'áiritheodh an inbhuanaitheacht fiachais sa mheántéarma agus a mhéadódh an acmhainneacht fáis ar bhealach inbhuanaithe agus iarradh ar na Ballstáit a leagan amach ina gclár um chobhsaíocht agus um chóineasú 2023 conas a áiritheoidh a bpleananna fioscacha go n-urramófar luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus go n-áiritheofar laghdú inchreidte leanúnach an fhiachais, sin nó conas a choinneofar an fiachas ar leibhéal stuama sa mheántéarma. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit freisin deireadh a chur de réir a chéile le beartais fhioscacha náisiúnta arna dtabhairt isteach chun teaghlaigh agus gnólachtaí a chosaint ar shuaitheadh na bpraghsanna fuinnimh, agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh. Thug sé le fios, dá mba rud é gur ghá síneadh a chur le bearta tacaíochta mar gheall ar bhrú a bheith ann an athuair ó thaobh phraghas an fhuinnimh de, gur cheart do na Ballstáit na bearta sin a spriocdhíriú ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha ar bhealach níos fearr. Luaigh an Coimisiún go ndéanfaí na moltaí fioscacha a chainníochtú agus a dhifreáil. Thairis sin, mar a mholtar sa teachtaireacht uaidh an 9 Samhain 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh, go ndéanfaí na moltaí fioscacha sin a fhoirmliú ar bhonn an ghlanchaiteachais phríomhúil. Mhol sé do na Ballstáit uile leanúint ar aghaidh ag cosaint na n-infheistíochtaí a maoinítear go náisiúnta agus a áirithiú go n-úsáidfear an tSaoráid agus cistí eile an Aontais go héifeachtach, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus na gcuspóirí athléimneachta. Thug an Coimisiún le fios go molfaidh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, le nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair.

(8) An 26 Aibreán 2023, thíolaic an Coimisiún tograí reachtacha chun athchóiriú cuimsitheach ar rialacha rialachais eacnamaíoch an Aontais a chur chun feidhme. Is é is príomhchuspóir do na tograí sin inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí a neartú agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit uile trí athchóirithe agus trí infheistíochtaí. Sna tograí uaidh, díríonn an Coimisiún ar an úinéireacht náisiúnta a fheabhsú, ar an gcreat a shimpliú agus gluaiseacht i dtreo fócas níos meántéarmaí, in éineacht le forfheidhmiú éifeachtach agus níos comhleanúnaí. De réir na gConclúidí ón gComhairle an 14 Márta 2023 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, is é an cuspóir atá ann an obair reachtach a thabhairt i gcrích in 2023.

(9) An 1 Meitheamh 2021, chuir an tSeicia a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 8 Meán Fómhair 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don tSeicia a fhormheas[6]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, cinneadh á rá go bhfuil an tSeicia tar éis na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chomhlíonadh go sásúil. Tuigtear gurb é atá i gceist le comhlíonadh sásúil nach ndeachthas siar ar bhaint amach na ngarspriocanna agus na spriocanna a baineadh amach roimhe sin.

[6] 11047/2021 INIT; 11047/2021 ADD 1; 11047/2021 ADD 1 COR 1.

(10) An 13 Aibreán 2023, thíolaic an tSeicia a Clár Náisiúnta 2023 um Athchóiriú agus, an 28 Aibreán 2023, a Clár um Chóineasú 2023, i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Chun na naisc atá eatarthu a chur san áireamh, rinneadh measúnú ar an dá chlár le chéile. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, léiríonn Clár Náisiúnta 2023 um Athchóiriú freisin tuairisciú débhliantúil na Seicia ar an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme.

(11) An 24 Bealtaine 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2023 don tSeicia. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Seicia ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2022, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia. Ar bhonn na hanailíse sin, léiríodh sa tuarascáil tíre na bearnaí atá ann maidir leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, chomh maith le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Leis an tuarascáil, rinneadh measúnú freisin ar dhul chun cinn na Seicia ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(12) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir leis an tSeicia agus d'fhoilsigh sé a thorthaí an 24 Bealtaine 2023. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha sa tSeicia. Go háirithe, baineann leochaileachtaí le hiomaíochas praghsanna agus praghsanna tithe, ach is dócha go mbeidh siad teoranta amach anseo toisc go bhfuil fiachas na dteaghlach faoi smacht agus meastar go dtiocfaidh moill i bhfad níos tapúla leis an mboilsciú ná meán an Aontais. Bhí tionchar mór ag suaitheadh praghsanna fuinnimh ar an ngeilleagar agus tháinig méadú tapa ar an mboilsciú. Le staid fhioscach scaoilte ó bhí paindéim COVID-19 ann, cuireadh le dlús a chur leis an mboilsciú freisin. Cé go bhfuil brú foriomlán praghsanna fós ard, tuartar go dtiocfaidh téarnamh i bpáirt ar iomaíochas praghsanna i bhfianaise laghdú ar phraghsanna fuinnimh, agus níl aon dúshláin láithreach ann maidir le hinbhuanaitheacht sheachtrach. Meastar go dtiocfaidh moill ar an mboilsciú i bhfad níos tapúla ná meán an Aontais. Mar sin féin, má leanann an boilsciú ar aghaidh, d'fhéadfadh rioscaí áirithe a bheith ag baint leis d'iomaíochas na Seicia. Mar gheall ar an meath a tháinig ar an gcuntas reatha le déanaí, tá gá le tuilleadh dlúthfhaireacháin a dhéanamh. Le blianta beaga anuas, tháinig méadú mór ar an éileamh ar thithíocht, rud a spreagadh ag rátaí úis ísle, fás ard ioncaim agus bearta macrastuamachta scaoilte, agus níor choinnigh soláthar tithíochta suas. D'fhás praghsanna tithe níos láidre le linn na paindéime ach thosaigh siad ag maolú i lár 2022 i bhfianaise rátaí úis níos airde agus coinníollacha iasachtaithe níos déine. Is cosúil, áfach, go bhfuil na rioscaí a bhaineann le praghas tithe a cheartú íseal, go bhfuil fiachas na dteaghlach faoi smacht, agus go bhfuil an earnáil baincéireachta fónta. Mar sin féin, dá mbeadh freagairt theoranta i gcónaí ann i ndáil le soláthar sa mheántéarma, leanfaí de phraghsanna a ardú. Tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun srian a chur leis an mboilsciú. Chun an boilsciú a laghdú go tapa, tá gá le luasmhoilliú láidir i bhfás an éilimh, rud is féidir a bhaint amach trí bheartas airgeadaíochta agus fioscach atá dian go leordhóthanach.

(13) Dé réir sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig laghdú ar easnamh ginearálta rialtas na Seicia ó 5.1 % de OTI in 2021 go 3.6 % in 2022, agus tháinig méadú ar an ollfhiachas rialtais ó 42.0 % de OTI ag deireadh 2021 go 44.1 % ag deireadh 2022. An 24 Bealtaine 2023, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh. Rinneadh plé sa tuarascáil ar staid bhuiséadach na Seicia, ós rud é gur sháraigh a hollfhiachas rialtais in 2022 3 % luach tagartha an Chonartha maidir le OTI. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil nár comhlíonadh critéar an easnaimh. I gcomhréir lena theachtaireacht an 8 Márta 2023, níor mhol an Coimisiún nósanna imeachta nua um easnamh iomarcach a thionscnamh in earrach na bliana 2023. Ina dhiaidh sin shonraigh an Coimisiún go molfadh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach 2024, leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023. Ba cheart don tSeicia é sin a chur san áireamh i bhforghníomhú a bhuiséad do 2023 agus in ullmhú a bhuiséid do 2024.

(14) Na bearta beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, is bearta iad a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. In 2022, áiríodh leis na bearta beartais fhioscaigh sin lena laghdaítear ioncam laghdú ar dhleachtanna máil ar pheitril agus díosail, cealú na cánach bóthair do ghnólachtaí agus laghdú ar an bhformhuirear ar fhuinneamh in-athnuaite a d'íoc úsáideoirí deiridh; agus áiríodh leis na bearta beartais fhioscaigh sin lena méadaítear caiteachas ranníocaíocht chnapshuime leis na billí fuinnimh (an 'taraif coigiltis'), an tacaíocht don tionscal a bhfuil tionchar ag praghsanna arda fuinnimh air agus liúntas aonuaire le haghaidh leanaí. Measann an Coimisiún gurb é an glanchostas buiséadach a bhain leis na bearta sin in 2022 0.7 % de OTI. Ina theannta sin, an costas buiséadach a bhain le cosaint shealadach a thairiscint do dhaoine easáitithe as an Úcráin, costas a meastar a bheith ina 0.3 % de OTI in 2022, sin rud eile a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. An tráth céanna, an costas a mheastar a bhaineann le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, chuaigh an costas sin i laghad ionas gur 0.1 % de OTI a bhí ann in 2022, le hais 2.0 % in 2021.

(15) An 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle don tSeicia[7] staid fhioscach thacúil a chothú in 2022, lena n-áirítear ón spreagadh a cuireadh ar fáil leis an tSaoráid agus go gcaomhnódh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta.

---

[7] Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár um Chóineasú na Seicia 2021 (IO C 304, 29.7.2021, lch. 10).

(16) De réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach[8] in 2022 neodrach den chuid is mó,
ag -0.1 % de OTI, mar a mhol an Chomhairle. Mar a mhol an Chomhairle, lean an tSeicia de thacaíocht a thabhairt don téarnamh, lena n-áirítear trí infheistíochtaí arna maoiniú ag an tSaoráid. 1.1 % de OTI a bhí ann in 2022 le caiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais (1.1 % de OTI a bhí ann in 2021). Chuir infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta ranníocaíocht neodrach ar fáil don staid fhioscach[9]. An tráth céanna, leis an méadú ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) soláthraíodh ranníocaíocht chrapthach de 0.3 pointe céatadáin don staid fhioscach. Dá bhrí sin, choinnigh an tSeicia an fás ar chaiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta faoi smacht leordhóthanach. Dá bhrí sin, chaomhnaigh an tSeicia infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta, mar a mhol an Chomhairle.

(17) An cás maicreacnamaíoch atá ina bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha sa Chlár um Chóineasú 2023, is cás é atá i gcomhréir le réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún. Tá sé tuartha ag an rialtas go dtiocfaidh méadú 0.1 % ar an bhfíor-OTI in 2023, agus go dtiocfaidh méadú 3.0 % air in 2024. I gcomparáid leis sin, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh fíorfhás OTI comhchosúil de 0.2 % in 2023 agus 2.6 % in 2024.

8 Is é rud a bhíonn i gceist le tomhas na staide fioscaí an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim), gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh, ach lena n-áirítear caiteachas a mhaoinítear trí thacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas le hacmhainneacht fáis mheántéarmaigh. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Bosca 1 sna Táblaí Staidrimh Fhioscaigh.

9 Le caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta, cuireadh ranníocaíocht fhorleathnaitheach 0.4 pointe céatadáin de OTI ar fáil, arna spreagadh i measc rudaí eile ag íocaíochtaí le Czech Post chun seirbhísí poist uilíocha a sholáthar don tréimhse 2018–2022.

(18) Ina Chlár um Chóineasú 2023, tá an rialtas ag súil go dtiocfaidh laghdú ar easnamh ginearálta an rialtais go 3.5 % de OTI in 2023. Léiríonn an laghdú imeallach in 2023 den chuid is mó caiteachas níos airde mar shampla fóirdheontais a bhaineann leis na bearta tacaíochta fuinnimh, nó ollfhoirmiú caipitil sheasta níos airde, rudaí a dhéantar a fhritháireamh trí fhás níos ísle in ítimí caiteachais eile agus ioncam níos airde ó chistí an Aontais. De réir an Chláir um Chóineasú 2023, síltear go dtiocfaidh laghdú ar an gcóimheas idir fiachas ginearálta an rialtais agus OTI ionas gur 44.1 % a bheidh ann ag deireadh 2022, agus gur 43.5 % a bheidh ann ag deireadh 2023. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh easnamh rialtais de 3.6 % de OTI ann do 2023. Tá sé sin i gcomhréir leis an easnamh atá tuartha sa Chlár um Chóineasú 2023. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas fiachais ghinearálta an rialtas le OTI níos ísle, 42.9 % ag deireadh 2023. Is é is cúis leis an difríocht sin fás ainmniúil níos airde OTI a thuar.

(19) Na bearta a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, meastar go leanfaidh siad de thionchar a imirt ar chomhardú ginearálta an rialtais in 2023. Is éard atá iontu bearta ar cuireadh síneadh ama leo ó 2022 (go háirithe: laghdú ar an bhformhuirear ar fhuinneamh in-athnuaite a íocann úsáideoirí deiridh agus ar dhleachtanna máil ar díosail) agus bearta nua mar shampla uasteorainn ar phraghsanna leictreachais agus gáis agus tacaíocht in earnáil an téimh. Déantar costas na mbeart sin a fhritháireamh go páirteach le cánacha ar bhrabúis amhantair na soláthraithe fuinnimh, is é sin tobhach a íocann táirgeoirí leictreachais ar ioncam os cionn leibhéal praghsanna áirithe agus cáin ar bhrabúis amhantair do chuideachtaí atá gníomhach i dtáirgeadh agus i dtrádáil leictreachais agus gáis, mianadóireacht iontaise, breoslaí agus peitriceimiceáin. Agus an t-ioncam sin á chur san áireamh, i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar gur 1.3 % de OTI a bheidh i gceist le glanchostas buiséadach na mbeart tacaíochta in 2023[10]. De réir dealraimh, níl formhór na mbeart in 2023 dírithe ar na teaghlaigh ná ar na gnólachtaí is leochailí, ná ní chaomhnaíonn siad an comhartha praghais go hiomlán chun an t-éileamh fuinnimh a laghdú agus an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Mar thoradh air sin, i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún meastar gurb é 0.1 % de OTI in 2023 méid na mbeart tacaíochta spriocdhírithe atá le cur san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíonadh an mholta ón gComhairle an 12 Iúil 2022[11] (i gcomparáid le 0.2 % de OTI in 2022). Meastar go dtiocfaidh laghdú 0.1 pointe céatadáin de OTI ar chostas buiséadach na cosanta sealadaí arna tairiscint do dhaoine easáitithe ón Úcráin i gcomparáid le 2022.

---

10 Is ionann an figiúr agus leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le – i gcás inarb ábhartha – bearta caiteachais chaipitil.

11 Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta na Seicia 2022 um Athchóiriú agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár na Seicia um Chóineasú 2022 (IO C 334, 1.9.2022, lch. 19).

(20) Sa Mholadh uaithi an 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle go ndéanfadh an tSeicia gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeidh fás an chaiteachais reatha phríomha arna mhaoiniú go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais in 2023[12], agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach is leochailí agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine ar a dteitheadh ón Úcráin. Ba cheart don tSeicia a bheith réidh chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Moladh don tSeicia freisin cur le hinfheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus an tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais.

(21) In 2023, tuartar go mbeidh an staid fhioscach i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún crapthach (+1.4 % de OTI), i gcomhthéacs an bhoilscithe aird. Leanann sé sin staid fhioscach a bhí neodrach den chuid is mó in 2022 (-0.1 % de OTI). An fás ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, táthar ag tuar go soláthróidh sé rannchuidiú craptha dar luach 1.2 % de OTI leis an staid fhioscach. Áirítear leis sin costas na mbeart tacaíochta spriocdhírithe le haghaidh na dteaghlach is leochailí agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh, costas ar ar tháinig méadú 0.1 % de OTI. Áirítear leis sin freisin costais níos ísle chun cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (faoi 0.1 % de OTI). Mar achoimre, an fás a thuartar a thiocfaidh ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta, tá sé i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Meastar gur 1.6 % de OTI a bheidh i gceist leis an gcaiteachas a mhaoinítear le deontais faoin tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais in 2023, agus meastar go soláthróidh infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta rannchuidiú crapthach 0.5 pointe céatadáin leis an staid fhioscach[13]. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an tSeicia infheistíocht bhreise a mhaoiniú tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais, agus níltear ag tuar go ndéanfaidh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú. Tá sé beartaithe aici infheistíocht phoiblí a mhaoiniú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh amhail feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí nó infheistíochtaí in iarnróid nó i seirbhísí digiteacha a chistítear go páirteach leis an tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais.

---

12 Ar bhonn réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, meastar gur 13.3 %, i dtéarmaí ainmniúla, a bheidh san fhás aschuir féideartha meántéarmach a dhéanfaidh an tSeicia (meán 10 mbliana), céatadán a úsáidtear chun an staid fhioscach a thomhas.

13 Réamh-mheastar go soláthróidh caiteachas caipitil eile atá maoinithe go náisiúnta ranníocaíocht chraptha 0.1 pointe céatadáin de OTI.

(22) De réir an Chláir um Chóineasú 2023, meastar go laghdóidh easnamh ginearálta an rialtais go 2.9 % de OTI in 2024. Léiríonn an laghdú in 2024 den chuid is mó deireadh a chur de réir a chéile le bearta tacaíochta fuinnimh a bhfuil fóirdheontais níos ísle mar thoradh orthu, agus fás níos ísle ar íocaíochtaí sóisialta i gcomparáid leis an bhfás ar OTI ainmniúil. De réir an Chláir um Chóineasú 2023, meastar go dtiocfaidh méadú go 44.0 % ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ag deireadh 2024. Ar bhonn na mbeart beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún easnamh rialtais 3.0 % de OTI in 2024. Tá sé sin i gcomhréir, a bheag nó a mhór, leis an easnamh atá tuartha sa Chlár um Chóineasú 2023. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh cóimheas fiachais ghinearálta an rialtas le OTI níos ísle, 43.1 % ag deireadh 2024.

(23) Beartaítear leis an gClár um Chóineasú 2023 deireadh a chur de réir a chéile le formhór na mbeart tacaíochta fuinnimh in 2024. Faoi láthair, glacann an Coimisiún leis go mbeidh glanchostas na mbeart tacaíochta fuinnimh ag 0.0 % de OTI in 2024, i gcomparáid le 1.3 % de OTI in 2023. Tá na meastacháin sin bunaithe ar an toimhde nach dtiocfaidh aon mhéadú an athuair ar phraghsanna fuinnimh.

(24) Éilítear le Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 go ndéanfaí feabhas bliantúil ar chomhardú struchtúrach an bhuiséid i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh, agus 0.5 % de OTI mar thagarmharc[14]. Agus aird á tabhairt ar bhreithnithe inbhuanaitheachta fioscaí agus ar an ngá atá leis an easnamh a laghdú faoi bhun luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI, bheadh sé iomchuí feabhas de 0.5 % de OTI do 2024 ar a laghad a chur ar an gcomhardú struchtúrach de réir an Choimisiúin. Chun an feabhas sin a áirithiú, agus i gcomhréir le modheolaíocht an Choimisiúin, níor cheart go rachadh an fás ar ghlanchaiteachas príomhúil[15] arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024 thar 6.0 %, mar a léirítear sa Mholadh sin. Cuideoidh sé sin freisin leis an bpríomhbhoilsciú a laghdú, rud atá go mór os cionn mheán an Aontais, agus a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le caillteanais iomaíochais dá mairfeadh sé i gcónaí. An tráth céanna, ba cheart deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta tacaíochta fuinnimh atá fágtha (arna meas ag an gCoimisiún faoi láthair ag 1.3 % de OTI in 2023), má cheadaíonn na forbairtí sa mhargadh fuinnimh é agus ag tosú leis na bearta is lú spriocdhíriú, agus ba cheart na coigiltis ghaolmhara a úsáid chun an t-easnamh rialtais a laghdú. Dé réir mheastacháin an Choimisiúin, thiocfadh fás ar ghlanchaiteachas príomhúil faoi bhun an uasráta fáis atá molta do 2024 mar thoradh air sin.

(25) Má ghlactar leis nach mbeidh aon athrú ar na beartais, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go dtiocfaidh fás de 3.0 % ar ghlanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta in 2024, ráta atá faoi bhun an ráta fáis atá molta.

(26) De réir an Chláir um Chóineasú 2023, meastar go laghdóidh infheistíocht rialtais ó 4.9 % de OTI in 2023 go 4.4 % de OTI in 2024. Léirítear leis an infheistíocht níos lú infheistíocht níos lú a mhaoinítear go náisiúnta agus infheistíocht níos lú a mhaoinítear ag an Aontas, seachas an tSaoráid.

---

14 Le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97, ceanglaítear freisin coigeartú is mó ná 0.5 % de OTI a dhéanamh i gcás Ballstát a bhfuil fiachas rialtais acu ar mó é ná 60 % de OTI, nó a bhfuil rioscaí níos suntasaí acu maidir le hinbhuanaitheacht fiachais.

15 Sainmhínítear glanchaiteachas príomha mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan caiteachas úis agus caiteachas dífhostaíochta timthriallaí san áireamh.

(27) Leagtar amach sa Chlár um Chóineasú 2023 conair fhioscach mheántéarmach go dtí 2026. De réir an Chláir um Chóineasú 2023, meastar go laghdóidh easnamh ginearálta an rialtais de réir a chéile go 2.4 % de OTI in 2025, agus go 2.2 % faoi 2026. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe easnamh ginearálta an rialtais a laghdú faoi bhun 3 % de OTI in 2024. De réir an Chláir um Chóineasú 2023, meastar go dtiocfaidh méadú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ó 44.0 % ag deireadh 2024 go 45.0 % faoi dheireadh 2026.

(28) Tá rioscaí maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach le sárú ag an tSeicia sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Rinneadh sraith beart fioscach a raibh tionchar buan acu le 3 bliana anuas, lena n-áirítear laghdú ar an mbonn cánach ioncaim phearsanta agus ar roinnt innéacsuithe caiteachais slándála sóisialta os cionn an íosmhéid reachtúil, agus bhí an meath atá tagtha ar an gcomhardú struchtúrach mar thoradh orthu sin. Tá brú breise ar inbhuanaitheacht fhioscach sa mheántéarma agus san fhadtéarma mar gheall ar mhéaduithe ar chostas an aosaithe. Meastar go dtiocfaidh méadú ó 8.8 % de OTI in 2030 go 11.4 % faoi 2050 mar thoradh ar dhúbailt réamh-mheasta an chóimheasa cleithiúnais seanaoise[16] agus uasteorannú na haoise scoir tar éis 2030. Ina theannta sin, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 0.9 pointe céatadáin agus 1.7 pointe céatadáin de OTI ar chaiteachas poiblí ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach faoi seach faoi 2070 mar gheall ar an daonra a bheith ag dul in aois. Áirítear ar na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht fhioscach san fhadtéarma an aois scoir a choigeartú i gcomhréir leis an méadú ar ionchas saoil, dreasachtaí a chur ar fáil rátaí rannpháirtíochta daoine scothaosta a mhéadú, scor luath a theorannú, rátaí innéacsaithe pinsin a choigeartú agus an soláthar lucht saothair a mhéadú chun ioncam níos airde a áirithiú don chóras pinsin.

16 De réir Thuarascáil 2021 maidir le hAosú a d'eisigh an Coimisiún i mí na Bealtaine 2021.

(29) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Seicia faoi lánseol, cé go bhfuil baol ann go mbeidh roinnt moilleanna ann. Chuir an tSeicia iarratas ar íocaíocht amháin isteach, a chomhfhreagraíonn do 37 ngarsprioc agus sprioc sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus a raibh eisíocaíocht fhoriomlán de thart ar EUR 928 milliún mar thoradh air. Tá gá le tuilleadh feabhas a chur ar an gcumas riaracháin agus le tosaíocht a thabhairt do na príomhathchóirithe agus na príomhinfheistíochtaí a bhfuil gá leo chun cur chun feidhme tráthúil an phlean a áirithiú. Tá coinne leis go ndéanfar athbhreithniú ar an bplean in 2023 le haguisín chun an chaibidil nua REPowerEU a chumhdach agus chun an méadú ar thacaíocht neamh-inaisíoctha a chur san áireamh. I gcomhréir le hAirteagal 14(6) de Rialachán (AE) 2021/241, an 30 Márta 2023, chuir an tSeicia in iúl go raibh sé ar intinn aici suas le EUR 11 bhilliún de thacaíocht iasachta bhreise a iarraidh faoin tSaoráid. Tríd an gcaibidil nua REPowerEU a thabhairt isteach go tapa sa phlean athléimneachta agus téarnaimh, féadfar athchóirithe agus infheistíochtaí breise a mhaoiniú chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na Seicia i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. Ar mhaithe leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, sin agus bearta eacnamaíocha agus fostaíochta eile taobh amuigh den phlean sin, tá sé tábhachtach i gcónaí údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile a bheith rannpháirteach ar bhonn córasach agus éifeachtach, chun a áirithiú go bhfuil freagracht i leith an chláir oibre beartais fhoriomláin roinnte go forleathan.

(30) D'fhormheas an Coimisiún doiciméid chlársceidealaithe uile na Seicia maidir le beartas comhtháthaithe in 2022. Tá sé ríthábhachtach go rachfar ar aghaidh le cláir an bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme go tapa sa chaoi gur comhlánú a bheidh iontu ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus go mbeidh sineirge ann idir iad féin agus an plean sin, an chaibidil REPowerEU san áireamh, ionas go ndéanfar an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur i gcrích, go méadófar an athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, agus go mbeidh forbairt chríochach chothrom ann freisin sa tSeicia.

(31) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta agus sna cláir beartais comhtháthaithe, tá roinnt dúshláin bhreise le sárú ag an tSeicia a bhaineann le tithíocht, beartas fuinnimh agus an aistriú glas.

(32) Tá inacmhainneacht tithíochta sa tSeicia ar cheann de na hinacmhainneachtaí is ísle san Aontas le 5 bliana anuas, agus tá difríochtaí móra ann idir réigiúin éagsúla. Mar gheall ar fhás mór ar phraghsanna tithe, tá sé deacair do ghrúpaí meánioncaim maoin a cheannach. Chothaigh sé seo an t-éileamh ar mhaoin ar cíos, agus dá bharr sin laghdaítear inacmhainneacht maoine ar cíos. Ina theannta sin, ní féidir leis an stoc íseal tithíochta sóisialta freastal ar éileamh gach teaghlach íseal-ioncaim agus leochaileach (b'ionann é agus 0.4 % den stoc iomlán tithíochta in 2020 i gcomparáid le 7-8 % ar an meán san Aontas[17]), agus níl an oiread sin liúntas tithíochta á n-úsáid faoi láthair, mar gheall, i bpáirt, ar ualach riaracháin, stiogma agus easpa feasachta. Mar thoradh air sin, tá méadú ag teacht ar líon na dteaghlach atá i ngátar tithíochta le blianta beaga anuas, rud a fhágann go bhfuil costais mhéadaitheacha ag baint leis an mbuiséad poiblí agus leis an gcóras cúraim sláinte. Tá paindéim COVID-19 agus insreabhadh na ndaoine atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin tar éis cur leis na dúshláin sin a bhí ann cheana. Tá maoiniú beartais comhtháthaithe fós ina fhoinse thábhachtach d'infheistíochtaí píolótacha agus cistithe i dtithíocht shóisialta, rud a chuireann le cosaint shóisialta agus le cuimsiú sóisialta. Mar sin féin, tá gá le foinsí maoinithe eile chun feabhas suntasach a chur ar an gcás. Tá reachtaíocht agus creat cuimsitheach maidir le tithíocht shóisialta in easnamh sa tSeicia, rud a fhágann go bhfuil sé deacair na beartais tithíochta ilroinnte a chomhordú agus freagrachtaí a shainiú i measc comhlachtaí náisiúnta agus réigiúnacha. Le maoiniú cobhsaí agus inbhuanaithe ó fhoinsí náisiúnta, mar aon le dreasachtaí a ghlacadh do thithíocht chíosa nó do thithíocht chomhoibritheach, chuideofar le soláthar tithíochta inacmhainne a mhéadú agus leanúnachas agus méadú na n-iarrachtaí sin a áirithiú. Bheadh comhordú éifeachtach ríthábhachtach chun an soláthar tithíochta a mhéadú, chun aonaid tithíochta atá ann cheana a atógáil agus a athchóiriú agus chun teaghaisí folmha a úsáid.

[17] Bunachar Sonraí Tithíochta Inacmhainne na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), http://oe.cd/ahd.

(33) Ó thús ionradh na Rúise ar an Úcráin, d'fhreagair an tSeicia dá spleáchas suntasach ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis trína soláthairtí gáis a éagsúlú. Mar shampla, d'aistrigh an tSeicia ó bheith ag brath go hiomlán ar sholáthairtí gáis na Rúise go soláthairtí gáis éagsúlaithe ón Iorua agus allmhairí gáis nádúrtha leachtaithe (GNL). Mar sin féin, níor tháinig laghdú ar thomhaltas na mbreoslaí iontaise sa tír, rud a d'fhág go raibh baol mór ann go gcuirfí isteach ar an soláthar agus go mbeadh arduithe tobanna ar phraghsanna, rud a mbeadh tionchar diúltach mór aige ar theaghlaigh agus ar an tionscal. Tháinig laghdú 17 % ar thomhaltas gáis nádúrtha na Seicia sa tréimhse idir Lúnasa 2022 agus Márta 2023, i gcomparáid leis an meántomhaltas gáis le linn na tréimhse céanna sna 5 bliana roimhe sin, thar an sprioc laghdaithe de 15 %. D'fhéadfadh an tSeicia leanúint dá hiarrachtaí a dhéanamh chun an t-éileamh ar ghás a laghdú go sealadach go dtí an 31 Márta 2024 i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle[18].

(34) Ba iad srianta rialála, nósanna imeachta ceadaithe agus acmhainneacht shrianta na heangaí dáileacháin is mó a chur isteach ar chun in úsáid fuinnimh in-athnuaite sa tSeicia. Tá an tSeicia tar éis bogadh ar aghaidh chun aghaidh a thabhairt ar roinnt dúshláin rialála mar shampla deireadh a chur leis an ngá atá le ceadúnas chun leictreachas a ghiniúint agus leis an ngá atá le cead tógála le haghaidh fótavoltacha níos lú (suas le 50 kWp), agus athruithe rialála a dhéanamh chun suiteáil a éascú. Mar sin féin, tá gá le hiarrachtaí breise chun pobail fuinnimh agus féintomhaltóirí foinsí in-athnuaite fuinnimh a chumhachtú, chun ionad ilfhreastail a thabhairt isteach le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh, agus chun sprioclimistéir a thabhairt isteach chun borradh a chur faoi chur in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh trí leathnú na heangaí a spreagadh agus trí sholúbthacht an chórais chumhachta (mar shampla freagairt don éileamh nó stóráil). Beidh suiteáil córas beag agus méadrú cliste ríthábhachtach. Ba cheart na hathchóirithe rialála in eangacha a mheaitseáil le hinfheistíochtaí chun inacmhainneacht na heangaí a mhéadú, solúbthacht a dhreasú agus foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur in úsáid. Thairis sin, tá acmhainneacht thionsclaíoch láidir ag an tSeicia chun teicneolaíochtaí glasa a mhonarú agus d'fhéadfadh sí infheistíochtaí a spreagadh i bhforbairt agus in uas-scálú réiteach atá neamhdhíobhálach don aeráid agus réiteach dícharbónaithe chun glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050.

---

18 Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás (IO L 206, 8.8.2022, lch. 1).

(35) Leis an méadú tobann ar phraghsanna fuinnimh a d’eascair as fogha na Rúise faoin Úcráin, leagadh béim ar an ngá atá le héifeachtúlacht fuinnimh stoc foirgneamh na Seicia a fheabhsú agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh. D’fhreagair an tSeicia dó sin trí chláir a sheoladh d’fhoirgnimh chónaithe agus trí chabhrú le daoine scothaosta agus teaghlaigh ar ioncam íseal. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú trína dhéanamh níos inrochtana. Is féidir sin a dhéanamh trí rochtain riaracháin ar fhóirdheontais a éascú do theaghlaigh agus don tionscal araon, lena n-áirítear trí acmhainneacht agus scileanna a fhorbairt in údaráis phoiblí. Tá feachtais faisnéise agus seirbhísí comhairleacha tiomnaithe ar fud na tíre de dhíth freisin chun a áirithiú go bhfuil an pobal ar an eolas faoin ngá agus faoi na tairbhí a bhaineann le tomhaltas fuinnimh a laghdú agus chun cabhrú le daoine aonair agus le lucht tionscail rochtain éasca a fháil ar fhóirdheontais. Thairis sin, ní mór don tSeicia dlús a chur le huas-sciliú agus athsciliú oibrithe nach bhfuil na scileanna is gá acu faoi láthair le haghaidh athchóirithe foirgneamh.

(36) Is féidir neamhchosaint na Seicia do bhreoslaí iontaise a laghdú freisin trí aistriú chuig iarnród astaíochtaí nialasacha agus chuig cineálacha eile soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha. Mar sin féin, bhí cur in úsáid feithiclí astaíochtaí nialasacha agus bonneagair réamhbhreathnaithigh luchtaithe agus athbhreoslaithe ardacmhainne easpach. Ó thaobh na rialála de, ba cheart an t-athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir leis an tSoghluaisteacht Ghlan agus na hathruithe rialála gaolmhara a bheith ina dtúsphointe chun coinníollacha cumasúcháin a sholáthar don aistriú chuig soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha agus chun bacainní ar an aistriú chuig soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha a bhaint.

(37) Mar gheall ar ghanntanais oibrithe agus scileanna in earnálacha agus i ngairmeacha atá ríthábhachtach don aistriú glas, lena n-áirítear teicneolaíochtaí glan-nialasacha a mhonarú, a chur in úsáid agus a chothabháil, tá scrogaill á gcruthú san aistriú chuig geilleagar glan-nialasachta. Chun go laghdófar na ganntanais scileanna agus chun go gcuirfear an cuimsiú sa lucht saothair agus athshannadh an lucht saothair chun cinn, tá sé ríthábhachtach córais oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a bheith ann a fhreagraíonn d'athruithe ar riachtanais an mhargaidh saothair, chomh maith le bearta spriocdhírithe maidir leis an uas-sciliú agus an t-athsciliú. Chun leas a bhaint as soláthar saothair nach bhfuil leas á bhaint as go fóill, ní mór na bearta sin a bheith inrochtana, go háirithe le haghaidh daoine aonair agus sna hearnálacha agus sna réigiún is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh. In 2022, tuairiscíodh ganntanas lucht saothair sa tSeicia le haghaidh seacht ngairm a bhfuil scileanna sonracha ag teastáil ina leith a bhaineann leis an aistriú glas (mar shampla pluiméirí, feisteoirí píopaí, leictreoirí agus meicneoirí leictreacha)[19].

(38) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, rinne an Chomhairle scrúdú ar an gClár um Chóineasú 2023 agus léirítear a tuairim[20] i moladh (1),

---

**19** Bunaithe ar Thuarascáil an líonra Eorpaigh Seirbhíse Fostaíochta (EURES) maidir le ganntanas agus barrachas lucht saothair 2022 arna ullmhú ag an Údarás Eorpach Saothair, i.e. sonraí arna gcur isteach ag oifigí náisiúnta comhordúcháin EURES. Tá riachtanais scileanna agus eolais bunaithe ar an tacsanomaíocht Eorpach Inniúlachtaí, Scileanna agus Gairmeacha (ESCO) maidir le scileanna don aistriú glas. Déantar anailís ar shamplaí ar bhonn sciar scileanna ESCO don aistriú glas in earnálacha ábhartha. Níl sonraí inchomparáide ar fud na dtíortha agus clúdaíonn siad raon leathan earnálacha.

**20** Faoi Airteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an tSeicia in 2023 agus 2024 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Deireadh a chur leis an bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh atá i bhfeidhm, agus úsáid a bhaint as na coigiltis ghaolmhara chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, a áirithiú go ndírítear bearta tacaíochta den sórt sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh.

   Beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe trí theorainn nach mó ná 6.0 %[21] a chur leis an méadú ainmniúil ar ghlanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024.

   Infheistíocht phoiblí arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú.

   Don tréimhse tar éis 2024, leanúint de straitéis fhioscach mheántéarmach a shaothrú maidir le comhdhlúthú inbhuanaithe de réir a chéile, mar aon le hinfheistíochtaí agus athchóirithe atá fabhrach d'fhás inbhuanaithe níos airde, chun staid fhioscach stuama mheántréimhseach a bhaint amach.

   Bearta a dhéanamh chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach fhioscach an airgeadais phoiblí a áirithiú, lena n-áirítear inbhuanaitheacht chóras na bpinsean.

2. Dlús a chur le cur chun feidhme a plean téarnaimh agus athléimneachta, trí acmhainneacht riaracháin leordhóthanach a áirithiú freisin, agus tríd an aguisín, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, a thabhairt chun críche go pras, chun tús a chur go tapa lena cur chun feidhme. Leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme tapa clár beartais comhtháthaithe, i ndlúthchomhlántacht agus i sineirgíocht leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta.

3. Soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a neartú, lena n-áirítear trí chreat reachtach sonrach a ghlacadh, comhordú idir comhlachtaí poiblí éagsúla a fheabhsú, agus tógáil aonad tithíochta nua chomh maith le hathchóiriú na n-aonad atá ann cheana a dhreasú.

---

21 A mheastar a chomhfhreagraíonn d'fheabhas bliantúil de 0.5 % d'OTI ar a laghad ar chomhardú an bhuiséid struchtúraigh do 2024, mar a thuairiscítear in aithris 24.

4. Spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Cur in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú trí infheistíochtaí breise a dhéanamh in eangacha leictreachais agus trí chur in úsáid díreach acmhainneachta in-athnuaite. Nósanna imeachta um cheadanna a shruthlíniú le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh agus an eangach a dhéanamh oiriúnach chun rochtain ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a éascú trí athchóirithe breise a dhéanamh, srianta ar fhoinsí in-athnuaite ar mhionscála a bhaint agus ionad ilfhreastail a chur ar bun, solúbthacht na heangaí a threisiú agus dálaí fabhracha a chruthú do phobail fuinnimh. Éifeachtúlacht fuinnimh na gcóras téimh ceantair agus an stoic foirgneamh a mhéadú trí athchóirithe doimhne agus foinsí teasa in-athnuaite a dhreasú, rochtain riaracháin ar fhóirdheontais a éascú do theaghlaigh agus don tionscal araon, agus fothú acmhainneachta agus scileanna in údaráis phoiblí a fheabhsú. Glacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn agus borradh a chur faoi infhaighteacht bonneagair ardacmhainne luchtaithe agus athbhreoslaithe trí athchóirithe nua chun coinníollacha cumasúcháin a chruthú agus na bacainní atá ann cheana ar cur in úsáid feithiclí agus bonneagair a bhaint. Cur leis na hiarrachtaí beartais atá dírithe ar sholáthar agus ar shealbhú na scileanna agus n-inniúlachtaí atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*